Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2009

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

## ARDLEIBHÉAL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2009

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

# ARDLEIBHÉAL

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2009

## Ardleibhéal

## GNÓ

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á breithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta atá leis seo eisiach ná críochnaitheach.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad.
- Déanfar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT – GNÓ – ARDLEIBHÉAL 2009**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**<u>ROINN 1</u> (80 Marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| **Ceist** | **Scéim** | |
|---|---|---|
| 1 | (a) 5 Marc (3+2)<br><br>(b) 5 Marc (3+2) | 10 |
| 2 | 6 Marc – Formáid an Mheabhráin<br><br>2 @ 2 Marc | 10 |
| 3 | (a) 6 Marc (3+3)<br><br>(b) 4 Marc (3+1) | 10 |
| 4 | (a) 5 Marc (3+2)<br><br>(b) 5 Marc (3+2) | 10 |
| 5 | (a) 4 Marc (2+2)<br><br>(b) 2 @ 3 Marc (1 +2) | 10 |
| 6 | (a) Sainmhíniú 4 Marc<br><br>(b) 2 @ 3 Marc (1 +2) | 10 |
| 7 | Fiontraíocht 5 Marc (3+2)<br><br>Bainistíocht 5 Marc (3+2) | 10 |
| 8 | (a) 4 Marc (2+2)<br><br>(b) 2 @ 3 Marc (1+2) | 10 |
| 9 | Jab 5 Marc (3+2)<br><br>Baisc 5 Marc (3+2)<br>Samplaí ag teastáil | 10 |
| 10 | (a) 6 Marc (3+3)<br>(b) (i) 2 Marc<br>(ii) 2 Marc | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna ar Fáil** | **80** |

**<u>ROINN 2</u> (80 Marc)**

**Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonad 1, 2 agus 3)**

**Is ceist éigeantach í seo.**

**Réitigh Fuinnimh Inathnuaite (RFI) Tta.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Ceithre** Thréith/Scil Fiontraíochta<br><br>Caithfidh baint a bheith aige le téacs na CGF. | **4 Tréith/Scil**<br>5 Marc an ceann (1+2+2)<br><br>**(Luaigh, Mínigh, Nasc Ábhartha)**<br><br>**Nasc ábhartha ar leith do gach tréith/scil** | **20 marc** |
| **(B)** | **Trí** chineál Rialú Bainistíochta<br><br>Caithfidh baint a bheith aige le téacs na CGF. | **3 cineál rialú bainistíochta**<br>10 Marc an ceann (2+3+3+2)<br><br>**(Luaigh, Mínigh, Nasc Ábhartha)**<br><br>**Nasc ábhartha ar leith do gach cineál** | **30 marc** |
| **(C)** | (i) Réiteach reachtach **amháin**/réiteach neamhreachtach **amháin**.<br><br>(ii) Cad ba chóir do Liam a dhéanamh chun gur lú an baol go mbeadh aighneas ann? | **Réiteach neamhreachtach amháin**<br><u>10 Marc</u><br>5 marc (2+3) + 5 marc (2+3)<br><br>**Réiteach reachtach amháin**<br><u>10 Marc</u><br>5 marc (2+3) + 5 marc (2+3)<br><br><u>10 Marc</u><br>5 marc (2+3) + 5 marc (2+3)<br><br>NÓTA: mura ndéantar tagairt do théacs CGF i gcuid (C), dealaigh 3 marc | **30 marc** |
| **R.2** | | **Marcanna ar Fáil** | **80 marc** |

## Roinn 3 (240 marc)

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, Dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

### Cuid 1

### Daoine sa Ghnó/Timpeallacht Ghnó

### Daoine sa Ghnó

### Ceist 1

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Grúpaí Sainleasa agus sampla | **4+4+2 Marc** | **10** |
| **(B)** | Déan plé ar conas is féidir le tomhaltóirí buntáiste a bhaint as caidreamh iomaíochta idir tháirgeoirí | **3 @ 5 Marc (2+3)** | **15** |
| **(C)** | (i) Mínigh "idirdhealú fostaíochta" mar atá sé leagtha amach san Acht<br><br>Ceithre fhoras shoiléire a chuireann cosc ar idirdhealú<br><br>(ii) Ról Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais<br>Measúnú ag teastáil | **12 Marc (8+4)**<br><br>**8 Marc (4 @ 2 Marc)**<br><br>**10 Marc (2@ 5 Marc (2+3))**<br><br>**5 Marc (2+3)** | **35** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

### Timpeallacht Intíre

### Ceist 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Saincheadú mar chineál úinéireacht ghnó **d'fhiontar nua**<br>Measúnú ag teastáil | **3 @ 5 Marc (2+3)**<br><br>**5 Marc (2+3)** | **20** |
| **(B)** | Dualgais shóisialta an ghnó dá pháirtithe leasmhara éagsúla. | **4 @ 5 Marc (1+2+2)** | **20** |
| **(C)** | An úsáid a bhaineann an Rialtas as an gcóras cánach chun timpeallacht dhearfach a chruthú don ghnó | **4 @ 5 marc (2+3)** | **20** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

## Timpeallacht Idirnáisiúnta

### Ceist 3

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | 3 Deis, 2 Dúshlán, nó vice versa.<br><br>Measúnú ag teastáil. | **5 @ 5 Marc (2+3)**<br><br>**5 Marc (2+3)** | **30** |
| **(B)** | (i) Mínigh "Margaíocht Dhomhanda"<br><br>Ainmnigh **dhá** Ghnó Dhomhanda<br><br>(ii) Dúshláin mhargaíochta i margaí domhanda<br>Táirge, praghas, cur chun cinn, áit<br>Teastaíonn samplaí | **6 Marc (3+3)**<br><br>**4 Marc (2+2)**<br><br>**3 Thoisc 7 Marc (2+3+2)**<br>**7 Marc (2+3+2)**<br>**6 Marc (2+2+2)** | **30** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

### Cuid 2

### Fiontraíocht

## Bainistíocht

### Ceist 4

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh 'tarmligean'<br><br>Buntáistí an tarmligin do bhainisteoir | **5 Marc (2+3)**<br><br>**3 @ 5 Marc (2 +3)** | **20** |
| **(B)** | Teoiric X –na **himpleachtaí** do ghnólacht | **4 @ 5 Marc (2 +3)** | **20** |
| **(C)** | Cearta atá ag Ábhair na Sonraí<br><br>Dualgais Rialtóirí Sonraí | **2 @ 5 Marc (2+3)**<br><br>**2 @ 5 Marc (2+3)** | **20** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

| Gnó i nGníomh / Bainistíocht |
|---|

**Ceist 5**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (A) | (i) Mínigh an téarma 'Comhghuaillíocht Ghnó'<br><br>(ii) Na buntáistí a bhaineann le comhghuaillíocht mar chaoi le gnó a leathnú – léiriú riachtanach | **5 Marc (2+3)**<br><br>**3 @ 5 Marc (2+3)** | **20** |
| **(B)** | Caipiteal Fiachais agus Caipiteal Cothromais mar fhoinsí airgeadais chun gnó a leathnú<br><br>Measúnú ag teastáil | **15 Mharc (3 @ 5 Marc (2+ 3))**<br><br>**5 Marc (2+3)** | **20** |
| **(C)** | (i)Fiachas/Cothromas 2006/2007<br><br>(ii) Nóta tráchta ar an tábhacht a bhaineann leis an treocht do scairshealbhóirí atá ann cheana | **An Fhoirmle 2 Marc**<br><br>**2 Ríomhaireacht @5 Marc (1+2+2)**<br><br>**2 Nóta Tráchta @ 4 Marc (2+2)** | **20** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

| Gnó i nGníomh / Bainistíocht |
|---|

## Ceist 6

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Léirigh mar a chuaigh na forbairtí in ICT i gcion ar ghnó<br>Léiriú riachtanach | **2@ 7 Marc 2+3+2**<br>**1@ 6 Marc 2+2+2** | **20** |
| **(B)** | Na buntáistí a bhaineann le Bainistíocht Lánchailíochta (TQM) **do ghnó déantúsaíochta** | **4 @ 5 Marc (2+3)** | **20** |
| **(C)** | Sreabhadh Airgid<br>(i) Buntáistí<br>(ii) Moltaí maidir le Feabhas<br>(Tagairt do cheannach trealaimh ina pointe éigeantach) | <br>**2 @ 5 Marc (2+3)**<br>**2 @ 5 Marc (2+3)** | **20** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

| Gnó i nGníomh |
|---|

## Ceist 7

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Na céimeanna i bPróiseas Forbartha Táirge.<br><br>É a cheangal le Olympian Tta | **6 @ 3 Marc (1+2)**<br><br>**2 Marc** | **20** |
| **(B)** | (i) Mínigh Deighilt an Mhargaidh<br>-Déan tagairt d'Olympian Tta.<br><br>(ii) Na buntáistí a bhaineann le Deighilt an Mhargaidh | **5 Marc (2+3)**<br>**5 Marc (2+3)**<br><br>**2 @ 5 Marc (2+3)** | **20** |
| **(C)** | Na tosca ba chóir a chur san áireamh agus praghas díolacháin á shocrú | **4 @ 5 Marc (2+ 3)** | **20** |
| | **Marcanna ar Fáil** | | **60** |

# ROINN 1
**(80 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ

Nótaí Tacaíochta

**1. Déan idirdhealú idir na foirmeacha cánachais seo a leanas: Foirm P45 agus Foirm P60.**

(a) Foirm P45:

Eisíonn an fostóir Foirm P45 chuig fostaí nuair a **chuirtear deireadh leis an bhfostaíocht**. Tugtar sonraí ar an bhfoirm maidir le suim an Phá Chomhláin, na Cánach agus an ÁSPC a d'íoc an fostaí suas go dtí an dáta ar fhág sé/sí an fhostaíocht. **Teastóidh** an Fhoirm P45 ón bhfostaí:

(i) Agus tús á chur aige/aici le fostaíocht nua – beidh an Fhoirm P45 ag teastáil ón bhfostóir nua chun an tsuim cheart á ríomh maidir le cáin iníoctha.
(ii) Chun sochair leasa shóisialaigh nó aisíoc cánach a éileamh.

(b) Foirm P60:

Eisíonn an fostóir Foirm P60 chuig fostaí **tar éis dheireadh na bliana airgeadais/cánach (féilire).** Léirítear ar an bhFoirm P60 an Pá Comhlán, an Cháin Ioncaim, agus an tÁSPC a d'íoc an fostaí sa bhliain airgeadais áirithe. **Teastóidh** an Fhoirm P60 ón bhfostaí:

(i) Chun aisíoc a éileamh ar cháin a ró-íocadh – ba chóir go seiceálfadh fostaithe a bhFoirm P60 in éadan a gCreidmheasanna Cánach lena chinntiú nach bhfuil an iomarca cánach íoctha acu.

(ii) Chun aisíoc a éileamh ar ranníocaíochtaí ÁSPC a ró-íocadh (de bhreis ar an uasteorainn phá).

(iii) Chun aisíoc a éileamh ar ranníocaíocht Sláinte nuair a bhí an t-ioncam níos lú ná an tairseach ábhartha.

2. Agus úsáid á baint agat as dáta an lae inniu dréachtaigh meamram ó Pheadar Ó Murchú, Bainisteoir Margaíochta, chuig Máire Ní Bhriain, Bainisteoir Stiúrtha ar ghnó miondíola, agus tabhair breac-chuntas ar dhá dhreasacht éagsúla sa tionscnamh díolacháin chun díolacháin a spreagadh.

**MEAMRAM**

**Chuig:** Máire Ní Bhriain, Bainisteoir Stiúrtha

**Ábhar:** Dreasachtaí chun Díolacháin a Spreagadh

**Ó:** Peadar Ó Murchú, Bainisteoir Margaíochta

**Dáta**: 9ú Meitheamh 2009
Áireofar ar an meamram cur síos ar **dhá** dhreasacht éagsúla sa tionscnamh díolacháin chun díolacháin a spreagadh.
Is teicníc mhargaíochta gearrthéarma iad tionscnaimh dhíolacháin dreasachta atá deartha chun díolacháin táirge a ardú.

**Síniú: Peadar Ó Murchú,**
**Bainisteoir Margaíochta**

**3. Déan idirdhealú idir 'Dliteanas Poiblí' agus 'Ráthaíocht Dílseachta' mar chineálacha árachais.**

(a) Árachas Dliteanais Phoiblí:

Is cumhdach árachais don ghnólacht é Árachas Dliteanais Phoiblí lena gcuirtear cosaint ar fáil don ghnólacht in éadan éilimh ón bpobal maidir le gortú nó caillteanas a eascraíonn as timpiste ar na háitribh ghnó nó as gníomhartha (nó neamhghníomhartha trí fhaillí) an ghnólachta.

(b) Ráthaíocht Dílseachta:

Is cumhdach árachais don ghnólacht é Ráthaíocht Dílseachta lena gcuirtear cosaint ar fáil don ghnólacht in éadan caillteanas airgeadais a eascraíonn as goid nó calaois a dhéanann fostaí.

**4. Mínigh na téarmaí 'taighde deisce' agus 'taighde allamuigh'. Bain úsáid as sampla i gcás gach ceann díobh chun tacú le do fhreagra.**

(a) Taighde Deisce:

Taighde bunaithe ar **fhoinsí eolais tánaisteacha,** i.e. taighde atá déanta ag daoine eile cheana. Féadfar úsáid a bhaint as foinsí eolais inmheánacha agus seachtracha i dtaighde deisce.

**Sampla:** Féadfar teacht ar líon iomlán na gcarranna a díoladh sa chéad cheathrú de 2009 trí thaighde a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh nó Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI) agus atá foilsithe acu.

Foinsí Eolais Inmheánacha: Tuarascálacha Cuideachta, Cuntais Bhainistíochta, Plean Margaíochta, Straitéis Chuideachta, Aiseolas ó Chustaiméirí, etc

Foinsí Eolais Seachtracha: Láithreáin Ghréasáin (e.g. le haghaidh eolais airgeadais **www.finfacts.ie**, Tairseach Airgeadais na hÉireann), Tuarascálacha ó ghníomhaireachtaí stáit (e.g. An Phríomh-Oifig Staidrimh, Fiontraíocht Éireann, An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, FÁS), foilseacháin ghnó agus nuachtáin, Foras Bainistíochta Éireann, Comhlachais Trádála (e.g. Cumann Thionscal Mótar na hÉireann), saineolaithe tionscail etc.

(b) Taighde Allamuigh:

Taighde bunaithe ar **fhoinsí eolais príomha**. Féachann taighde allamuigh (taighde príomha) le heolas mionsonraithe nua a fháil faoin spriocmhargadh. D'fhéadfadh go n-áireofar iad seo a leanas ar mhodhanna taighde margaidh:

**Sampla:** D'fhéadfadh go mbeadh ceistneoir in úsáid ag trádálaí carranna chun seiceáil a dhéanamh ar ráta sásaimh na gcustaiméirí a cheannaíonn carr nua maidir leis an gcarr agus lena n-eispéireas i dtigh an trádálaí.

(i) Ceistneoirí
(ii) Breathnú
(iii) Sampláil
(iv) Agallaimh phearsanta etc.

**5. (a) Mínigh an téarma 'forbairt pobail'.**
Forbairt pobail:

Is iarracht dheonach nó ghairmiúil chun tacú le gníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch pobail áitiúil, agus chun forbairt a dhéanamh air ar mhaithe leis an bpobal. e.g. Cláir Leader, cláir chomhpháirtíochta áitiúla, Club/cumann áitiúil etc.

**(b) Déan cur síos ar dhá bhuntáiste a ghabhann le forbairt pobail**.

- (i) Cruthaítear fostaíocht agus ar an gcaoi sin ardaítear caiteachas sa gheilleagar áitiúil
- (ii) Poist dá thoradh e.g. iompar, oideachas
- (iii) Cuirtear cultúr fiontraíochta chun cinn/spreagtar smaointe nua/gnólachtaí nua sa phobal
- (iv) Cumhachtaítear an pobal áitiúil agus gintear mórtas sa phobal
- (v) Cruthaíonn muinín/spiorad pobail chomh maith le fás agus rathúnas sa cheantar áitiúil.

**6. Sainmhínigh an 'earnáil thánaisteach' agus tabhair breac-chuntas ar dhá threocht reatha a bhfuil tionchar acu ar an earnáil seo in Éirinn**.

Áirítear na gnólachtaí Déantúsaíochta, Talamhghnó/Agra-ghnó agus Foirgníochta ar an earnáil thánaisteach – táirgí déantúsaíochta a eascraíonn as ábhair a tháirgtear san earnáil phríomha (Talmhaíocht, Foraoiseacht, Iascaireacht agus Mianadóireacht).
Tógann amhábhair, próiseálann amhábhair agus táirgeann earraí críochnaithe.

Sampla: *Kerry Group* – Táirgí Bia.

Treochtaí Reatha:

- (i) Titim ar an bhfostaíocht san Earnáil Thánaisteach – ardú ar an dífhostaíocht mar thoradh ar laghdú ar an méid agus ar dhúnadh, go háirithe maidir le Déantúsaíocht agus Foirgníocht
- (ii) Dúshlán os comhair na hEarnála Agra-ghnó mar thoradh ar níos mó iomaíochta sa mhargadh bia ó mhiondíoltóirí eachtrannacha e.g. Lidl agus Aldi
- (iii) Caillteanas iomaíochais mar thoradh ar rátaí pá níos airde in Éirinn le roinnt blianta anuas – roinnt gnólachtaí déantúsaíochta ag athlonnú go geilleagair ísealchostais, etc

**7. Taispeáin an difríocht atá idir 'fiontraíocht' agus 'bainistíocht'**.

Is ionann a bheith fiontraíoch agus an cumas a bheith i nduine smaointe nua a ghiniúint, deis a aithint agus an mhuinín, an t-inspreagadh agus an diongbháilteacht a bheith ann chun dul san amhantar agus smaoineamh a aistriú ina fhíorú – chun feidhmiú mar ghníomhairí athraithe.

Sampla: Bill Cullen, Cathaoirleach agus úinéir *Renault Ireland*.

Is éard is bainistíocht ann ná an próiseas ina gcomhlíontar na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí go héifeachtach agus go héifeachtúil le daoine eile agus tríothu. Áirítear pleanáil, eagrú agus rialú ar na scileanna bainistíochta lárnacha.

Sampla: Declan Kidney, Cóitseálaí Rugbaí na hÉireann

**8. (a) Mínigh an téarma dlí 'comaoin'.**

Ciallaíonn 'comaoin' nach mór go n-aistreofaí buntáiste nó tairbhe éigin ó pháirtí amháin sa chonradh chuig an bpáirtí eile.
Tagraíonn 'comaoin' don mhéid a aistrítear (a mhalartaítear) idir an díoltóir agus an ceannaitheoir, e.g. dlúthdhiosca a cheannach ar €20 ó do shiopa ceoil áitiúil. Tugann an ceannaitheoir €20 don díoltóir agus faightear dlúthdhiosca mar thoradh air sin.

Féadann 'comaoin' tagairt a dhéanamh d'airgead nó d'earraí lena mbaineann aon luach ar bith – a mhalartaítear idir páirtithe. Is réamhriachtanas é maidir le conradh bailí.

**(b) Tabhair breac-chuntas ar <u>dhá</u> ghné eile de chonradh atá faoi cheangal dlí**

Tabhair breac-chuntas ar dhá cheann díobh seo a leanas (abairt ag teastáil):

(i) Comhaontú (Tairiscint agus Glacadh)
(ii) Rún Conraithe
(iii) Cumas Conraithe
(iv) Dlíthiúlacht Foirme
(v) Dlíthiúlacht Cuspóra
(vi) Toiliú le Conradh

**9. Cuir jabtháirgeadh agus baisctháirgeadh i gcontrárthacht le chéile agus tabhair sampla cuí <u>amháin</u> i ngach cás**.

<u>Jabtháirgeadh</u>

Tagraíonn do tháirgeadh táirge shaincheaptha aonair, e.g. cistin dharach ordaithe, gúna pósta, etc.

<u>Baisctháirgeadh</u>

Tagraíonn do tháirgeadh cainníochtaí áirithe de tháirgí comhionanna ag an am céanna/sa tsraith táirgí amháin, e.g. builíní d'arán donn/téacsleabhair, etc.

**10. (a) Mínigh an ról atá ag Comhairle na nAirí i gcinnteoireacht an AE.**

Tá Comhairle na nAirí comhdhéanta d'airí ó rialtais na mballstát san AE. **Ní mór** do Chomhairle na nAirí glacadh leis an reachtaíocht go léir sula ndéantar dlí de (príomheagraíocht chinnteoireachta an AE). Na topaicí ar an gclár oibre a chineann cén tAire a bhíonn i láthair.
Déantar an chuid is mó de na cinntí le vótáil tromlaigh. Teastaíonn comhaontú d'aon ghuth, áfach, maidir le saincheisteanna áirithe, e.g. cánachas, comhbheartais nua a sheoladh, ceadú do thíortha nua dul isteach san AE, etc.

**(b) Ainmnigh dhá institiúid eile de chuid an AE a dhéanann cinntí**.
(i) An Coimisiún Eorpach
(ii) Parlaimint na hEorpa
(iii) An Chúirt Bhreithiúnais Eorpach
(iv) An Chomhairle Eorpach
(v) Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

# Roinn 2
**(80 marc)**

**Is ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 1, 2 agus 3**

## Réitigh Fuinnimh Inathnuaite (RFI) Tta

**(A) Léirigh, agus úsáid á baint agat as samplaí ón téacs thuas, <u>ceithre</u> thréith/scil fiontraíochta atá léirithe ag Liam.**

Is duine é Liam a **théann i bhfiontar**. Ní bhíonn faitíos ar fhiontraithe rathúla nach n-éireoidh leo agus ní bhíonn eagla orthu dui i bhfiontar. Chonaic Liam deis sa mhargadh do tháirge/seirbhís nua, agus tá sé sásta dul sa seans agus a ghnólacht féin a bhunú. Tá riosca pearsanta agus airgeadais araon á ghlacadh aige agus RFI Tta á bhunú aige.

**Nasc leis an Téacs**
*Bhí taithí fiche bliain ag Liam i ngnó na soláthairtí teasa agus pluiméireachta agus bhí a fhios aige nach raibh ardú céime i ndán dó. Bheartaigh sé a ghnó féin a thosú.*

Tá Liam **nuálach/cruthaitheach.** Bíonn fiontraithe in ann teacht ar smaointe nua agus deiseanna a aithint de réir mar a thagann siad chun cinn. Bíonn siad sa tóir ar smaointe nua de shíor agus ar bhealaí chun feabhas a chur ar an méid a bhíonn ar siúl acu.

D'aithin Liam deis chun grianphainéil a thabhairt chuig margadh na hÉireann agus chun a ghnó féin, RFI Tta a bhunú. In ainneoin an chúlaithe sa gheilleagar agus na ndúshlán atá os comhair RFI Tta faoi láthair, feiceann Liam fós deis maidir le fás a ghnólachta. Aithníonn sé go bhfuil níos mó spéise agus éilimh ann maidir le táirgí agus córais teasa atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Breathnaíonn sé go dearfach ar rialacháin an BER, agus creideann sé go bhféadfadh an BER níos mó deiseanna a chur ar fáil dá ghnólacht.

**Nasc leis an Téacs**
*D'aithin Liam nideog sa mhargadh do sholáthróir Éireannach a chuirfeadh grianphainéil ar fáil.*

*Creideann sé go mbeidh deiseanna ag an ngnólacht de bharr rialacha nua i gcomhair Rátáil Fuinnimh ar Fhoirgnimh (BER), chomh maith leis an éileamh atá ag méadú ar chórais teasa atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.*

Tá Liam **muiníneach/dearfach**/. Bíonn féinmhuinín láidir ag fiontraithe agus creideamh láidir ina smaointe gnó féin. D'aithin Liam deis ghnó agus chreid sé go raibh na scileanna riachtanacha agus an saineolas aige leis an taithí a fuair sé le fiche bliain anuas sa ghnó teasa agus pluiméireachta chun an smaoineamh a fhorbairt in RFI Tta. Leis an muinín a bhí aige as an smaoineamh gnó, bhí daoine eile sásta infheistíocht a dhéanamh sa ghnólacht.

**Nasc leis an Téacs**
*Bhí bainisteoir bainc Liam agus roinnt infheisteoirí príobháideacha eile sásta an t-airgeadas a chur ar fáil óir bhí siad an-tógtha leis an eolas a bhí ag Liam faoina tháirge agus leis an gcaoi ar chreid sé ann.*

Tá **teacht aniar** i Liam agus tá **intinn dhaingean** aige. In ainneoin an chúlaithe sa gheilleagar, níl Liam sásta géilleadh. Tá deiseanna eile á lorg ag Liam chun RFI Tta a choinneáil ag gabháil. Breathnaíonn sé go dearfach ar thabhairt isteach BER agus creideann sé go mbeidh níos mó deiseanna ann do RFI Tta mar gheall ar an mBER.

**Nasc leis an Téacs**
*Tá Liam muiníneach go méadóidh an t-éileamh ar fhoinsí fuinnimh ghlais in Éirinn arís.*

Is duine é Liam atá maith ag déanamh **cinneadh**. Bíonn fiontraithe ábalta cinneadh soiléir a dhéanamh go tapa ionas nach gcaillfear deiseanna. D'aithin Liam deis ghnó agus é ag Aonach Trádála sa Ghearmáin agus shocraigh sé a ghnólacht féin a bhunú. Faoi láthair, aithníonn sé go bhfuil dúshláin os comhair RFI Tta mar gheall ar an gcúlú sa gheilleagar **(réalachas)** agus shocraigh sé laghdú de 10% a chur i bhfeidhm ar phá na foirne go léir le héifeacht láithreach. Creideann sé go bhfuil gníomh mear riachtanach chun todhchaí RFI Tta a chosaint agus creideann sé go bhfuil an cinneadh ceart déanta aige maidir le todhchaí RFI Tta agus leis na fostaithe.

**Nasc leis an Téacs**
*Bheartaigh sé a ghnó féin a thosú.*

*Tá ríomhphost seolta ag Liam chuig an bhfoireann iomlán ag rá go gcaithfear gníomhú go tapal má tá an gnólacht le teacht slán as an gcúlú sa gheilleagar faoi láthair – beidh sé riachtanach pá na n-oibrithe go léir a ghearradh de 10% láithreach.*

Tá **féin-inspreagadh** i Liam agus tá sé **diongbháilte.** Bíonn rath ar fhiontraithe agus é de dhúshlán acu déanamh go maith. D'aithin Liam deis ghnó agus bhunaigh sé a ghnólacht féin. In ainneoin an chúlaithe sa gheilleagar agus na ndúshlán atá os comhair RFI Tta faoi láthair, feiceann Liam deiseanna fós maidir le fás a ghnólachta. Tá sé meáite ar thodhchaí RFI Tta a chinntiú agus creideann sé go ndearna sé an rud ab fhearr a thiocfadh leis go tapa leis an méid sin a chinntiú.

**Nasc leis an Téacs**
*Bhí a fhios aige nach raibh ardú céime i ndán dó. Bheartaigh sé a ghnó féin a thosú.*

**(B) Déan plé ar <u>thrí</u> chineál rialú bainistíochta a mholfá do Liam a chur i bhfeidhm chun todhchaí RFI Tta a dhéanamh slán.**

**(i) Rialú Stoic**

Monatóireacht ar na leibhéil stoic atá i gceist leis seo lena chinntiú go mbeidh go leor stoic ann chun freastal ar éileamh agus ag an am céanna na costais choinneála stoic a choimeád ar an leibhéal is ísle. Tríd an leibhéal stoic is fearr is féidir a bhunú, laghdaítear na costais a bhaineann le róstocáil nó tearcstocáil a dhéanamh.

<u>Na buntáistí a bhaineann le rialú stoic éifeachtach</u>

- Cinntítear go mbeidh leibhéil stoic leordhóthanacha ann chun éileamh na gcustaiméirí a chomhlíonadh agus caillteanas díolacháin a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint ar an gcaoi sin
- Tacaítear le díolacháin agus brabús a bheidh ann san am atá le teacht
- Íoslaghdaítear costais stórála, agus úsáid éifeachtach á baint as an spás stórála atá ar fáil
- Aithnítear stoc a bhíonn mall ag imeacht
- Laghdaítear an riosca a bhaineann le stoc ag dul as dáta/ag dul as feidhm/damáiste d'earraí/goid earraí
- Cabhraítear le bainistiú an chaipitil oibrithe – níos lú airgid ceangailte i stoc
- Laghdaítear costais árachais

**Nasc leis an Téacs**
*Tá fadhbanna á gcruthú freisin cionn is go bhfuil leibhéal an stoic sa trádstóras ag dul in airde.*

### (ii) Rialú Cáilíochta

Baineann an próiseas sin le caighdeán cáilíochta na n-earraí nó na seirbhísí a chuireann an gnólacht ar fáil a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil siad ar na caighdeáin riachtanacha/go gcomhlíontar ionchais an mhargaidh leo. Tá cáilíocht na n-earraí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil lárnach i gclú an ghnólachta. Caillfear custaiméirí agus díolacháin mar thoradh ar earraí agus ar sheirbhísí lena mbaineann cáilíocht lag.

<u>Buntáistí Rialú Cáilíochta</u>

- Cáilíocht chomhsheasmhach – cuirtear le clú an ghnólachta, cabhraítear le custaiméirí a choinneáil agus faightear custaiméirí nua
- Laghdaítear na costais a bhaineann le hearraí lochtacha e.g. earraí a chuirtear ar ais, aisíocaíochtaí, cásanna cúirte, droch-chlú gnólachta/dochar do cháil, caillteanas custaiméirí etc.

**Nasc leis an Téacs**
*Tá roinnt custaiméirí tar éis grianphainéil a sheoladh ar ais de bharr damáiste a bhain dóibh sa trádstóras nó faoi bhealach.*

### (iii) Rialú Creidmheasa

Tá an sreabhadh airgid ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an ngnólacht. Le rialú creidmheasa, déantar monatóireacht:

- Ar fhéichiúnaithe a fhaigheann creidmheas/leagan síos teorainneacha creidmheasa
- Ar an tréimhse chreidmheasa a bhíonn i gceist
- Ar na híocaíochtaí a fhaightear ar chuntais na bhféichiúnaithe

Baineann sé le creidiúnacht na gcustaiméirí a sheiceáil, teorainneacha agus tréimhsí creidmheasa a leagan síos, pionóis a shocrú maidir le híocaíochtaí déanacha chun drochfhiacha a sheachaint nó a íoslaghdú. Díoltar earraí ar cairde agus ní dhéantar íocaíocht go dáta ina dhiaidh sin. Cruthaítear féichiúnaí trádála, as a n-eascraíonn an baol go bhféadfadh drochfhiacha a bheith ann. Tabhóidh an gnólacht costais maidir le riarachán na gcuntas creidmheasa e.g. sonraisc, nótaí creidmheasa etc. Déanfar dochar don shreabhadh airgid/leachtacht nuair nach ndéantar monatóireacht dhian ar rialú creidmheasa.

<u>Buntáistí Rialú Creidmheasa</u>

- Rialaíonn an gnóthas an méid earraí a dhíoltar ar cairde
- Rialaíonn an gnóthas cé leis a ndíoltar earraí ar cairde – déantar creidiúnacht custaiméirí ionchais a sheiceáil
- Íocann féichiúnaithe fiacha in am
- Laghdaítear an baol a bhaineann le drochfhiacha
- Laghdaítear an costas a bhaineann le creidmheas e.g. ús/riarachán etc
- Cabhraítear le Bainistiú an tSreafa Airgid

**Nasc leis an Téacs**
*Tá an sreabhadh airgid teann agus tá Liam buartha go háirithe nár íoc beirt de na custaiméirí is mó atá aige a gcuid billí in am.*

**(iv) Rialú Airgeadais/Rialú Buiséadach**

Tá ullmhú na mbuiséad ríthábhachtach maidir le rialú costas agus pleanáil airgeadais éifeachtach. Agus buiséad airgid á ullmhú, aithnítear:

- Uainiúchán agus méid na nInsreafaí Airgid/Ioncaim
- Uainiúchán agus méid na nEis-sreafaí Airgid/Speansais
- Na tréimhsí ina bhféadfaí Eis-sreabhadh Glan Airgid a bheith ann

Leis an eolas sin, dírítear aird ar na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann leis an sreabhadh airgid, agus ar an gcaoi sin cabhraítear leis an mbainistíocht pleanáil, rialú agus cinntí a dhéanamh maidir le bainistiú airgeadais an ghnólachta.

**Nasc leis an Téacs**

*Tá an sreabhadh airgid teann.*

*Ina theannta sin, tá sé ag dul rite leis an ngnólacht airgeadas gearrthéarma a fháil de bharr an chúngaigh chreidmheasa atá ann faoi láthair.*

**(C) (i) Déan cur síos, ag baint úsáide as an téacs thuas duit, ar réiteach <u>neamhreachtach</u> amháin agus réiteach <u>reachtach</u> amháin ar an bhfadhb caidreamh thionsclaíoch atá roimh RFI Tta.**

**Neamhreachtach**

Idirbheartaíocht/Plé/Tríú Páirtithe

D'fhéadfadh Liam casadh leis an Maor Ceardchumainn/na hoibrithe chun a n-ábhair imní a phlé agus chun plé a dhéanamh ar an ngearradh pá atá molta agus chun iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú. Mar mhalairt air sin d'fhéadfadh an maor ceardchumainn an Gnás Casaoide a agairt:

- Trína ndéanfaidh an Maor Ceardchumainn gearán oifigiúil i scríbhinn maidir leis an ngearradh pá 10% atá molta.
- Agus ní mór do Liam freagra a thabhairt agus casadh leis an Maor Ceardchumainn laistigh de thréimhse ama a shonraítear tar éis agairt an ghnáis chasaoide.
- Agus mura bhfuil an Maor Ceardchumainn sásta le toradh an chruinnithe idir é agus Liam, féadfaidh sé/sí:
  - idirghabháil na Ceann-Oifige a iarraidh sna hidirbheartaíochtaí

    **nó**
  - bealach reachtach eile a roghnú chun iarracht a dhéanamh an t-aighneas a réiteach.

**Reachtach**

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
Tairgeann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais seirbhís idir-réitigh chun aighnis a réiteach. Is nós imeachta é sin inar féidir le páirtithe an aighnis teacht le chéile le cabhair ó thríú páirtí chun na difríochtaí atá eatarthu a réiteach.

Féadfaidh an LRC oifigeach caidrimh thionsclaíoch a cheapadh chun iarracht a dhéanamh an t-aighneas idir Liam agus a fhostaithe in RFI Tta a réiteach. Déanfaidh an t-oifigeach iarracht tabhairt ar an dá pháirtí teacht ar chomhaontú agus úsáid á baint as idir-réiteach. Beidh sraith cruinnithe ina mbeidh gach duine a bhfuil baint acu leis an aighneas i gceist leis an bpróiseas. Tagtar ar shocrú nuair a bhíonn comhaontú idir an dá pháirtí nó nuair a ghlactar le moladh ar shocrú a chuireann an tOifigeach Caidrimh Thionsclaíoch rompu. Ní bhaineann ceangal dlí leis an moladh agus féadfaidh ceachtar diúltú dó. Féadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais.

**Tagairt don Téacs**
*Chuaigh an fhoireann i dteagmháil lena maor ceardchumainn chun a n-imní a chur in iúl faoin ngearradh pá atá molta. Tá cruinniú ceardchumainn eagraithe chun imní na n-oibrithe a phlé agus chun aontú ar fhreagra faoin ngearradh pá atá molta ag Liam.*

**(ii) Conas mar ba chóir do Liam déileáil leis an scéal, dar leat, chun gur lú an baol go dtarlódh aighneas caidreamh thionsclaíoch ?**

Roghnaigh Liam an meán mícheart chun athrú suntasach i dtéarmaí agus i gcoinníollacha fostaíochta a chur in iúl dá fhostaithe.
Le cumarsáid éifeachtach, laghdaítear aighnis, cothaítear féinmhuinín agus cuirtear leis an gcaidreamh pearsanta agus oibre.

Dá rachadh sé i láthair cruinnithe leis na fostaithe:

- D'fhágfaí a gcuid dínite ag na hoibrithe, léireofaí meas orthu agus bhraithfidís go raibh siad rannpháirteach i gcinntí a bhaineann lena dtodhchaí agus le todhchaí a dteaghlach
- Chuirfí ar chumas Liam staid reatha an airgeadais agus na dúshláin atá os comhair RFI Tta faoi láthair a chur in iúl d'oibrithe
- Bheadh na hoibrithe in ann an tionchar atá ag an gcúlú ar RFI Tta a fheiceáil
- Chuirfí deis ar fáil chun plé agus scrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha eile a d'fhéadfaí a dhéanamh seachas gearradh pá láithreach de 10%.
- Spreagfaí an fhoireann don am atá le teacht etc.

**Tagairt don Téacs**
*Sheol Liam ríomhphost chuig na hoibrithe inar míníodh go gcuirfí gearradh pá de 10% i bhfeidhm láithreach*

# ROINN 3
**(240 marc)**

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas::**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, Dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1

## (Nótaí Tacaíochta)
### Ceist 1

**(A) Tabhair breac-chuntas, agus úsáid á baint agat as sampla, ar an ról atá ag grúpaí sainleasa i saol an ghnó.**

Is eagraíocht é grúpa sainleasa lena léirítear an dearcadh coitianta, na cuspóirí agus na spriocanna a bhaineann le grúpa faoi leith e.g. ról IBEC (a dhéanann ionadaíocht ar fhostóirí) agus an ICTU (a rinne ionadaíocht ar cheardchumainn chleamhnaithe) in idirbheartaíochtaí leis an Rialtas le déanaí maidir le beartas buiséadach an rialtais, an IFA, ISME etc. Féachann grúpa sainleasa le tionchar a imirt ar chinntí agus ar bheartas a théann i gcion ar a bhaill trí ghníomhartha éagsúla lena n-áirítear idirbheartaíocht, stocaireacht, baghcatáil agus b'fhéidir caingean dlí.

D'fhéadfadh go n-éireodh nó nach n-éireodh le grúpaí sainleasa na cuspóirí atá uathu a bhaint amach.

**Sampla:**

Déanann Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CTF) ionadaíocht ghníomhach ar os cionn 3,000 ball a chuimsíonn gnólachtaí i ngach réimse de thionscal foirgníochta na hÉireann, agus freastalaíonn orthu trí ghréasán de 13 Brainse i 3 Réigiún ar fud na hÉireann agus trína 37 Comhlachas Earnála. Téann CTF i dteagmháil leis an Rialtas, le grúpaí gairmiúla, le grúpaí gnó agus leis na comhpháirtithe sóisialta thar ceann a mball. Déanann CTF monatóireacht ar shaincheisteanna agus ar threochtaí, tionscnaíonn sé moltaí agus feidhmíonn sé ar son leasa a mball ag leibhéal áitiúil, leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE.
(ó http://www.cif.ie/asp/section.asp?s=1)

**(B) Déan plé ar conas is féidir le tomhaltóirí buntáiste a bhaint as caidreamh iomaíochta a bheidh ann idir tháirgeoirí.**

Le caidreamh iomaíochta idir tháirgeoirí a mbíonn an gnó céanna ar siúl acu, beidh gach táirgeoir sa tóir ar chuspóirí difriúla agus iad ag iarraidh cuspóirí faoi leith a bhaint amach ar chostas an táirgeora eile (caidreamh buaigh-caill). Rachaidh sin chun sochair an chustaiméara mar nach mór do gach gnólacht obair go dícheallach chun riachtanais an chustaiméara a shásamh.

**Samplaí:**
Féadfaidh táirgeoirí a bhfuil an gnó céanna ar siúl acu dul in iomaíocht maidir le praghas na n-earraí agus seirbhísí, cáilíocht, díolacháin, lucht saothair a earcú, etc.

Bainfidh an custaiméir tairbhe as:
- Cáilíocht níos fearr
- Seirbhís níos fearr do chustaiméirí
- Rogha táirgí níos fearr
- Luach níos fearr ar airgead

**(C) (i) Mínigh an téarma 'idirdhealú fostaíochta' mar atá leagtha amach san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998.**

Cuirtear síos ar 'idirdhealú' mar chaitheamh le duine ar bhealach is lú fabhar ná mar a chaitear le duine eile, mar a caitheadh le duine eile, nó mar a chaithfí le duine eile( i gcás inchomparáide ar aon cheann de na naoi bhforas.)

**Liostaigh ceithre fhoras (bhonn) shoiléire a chuireann cosc ar idirdhealú faoin Acht**.

Na forais lena gcuirtear cosc ar idirdhealú

- Inscne
- Stádas Pósta
- Stádas Teaghlaigh
- Claonadh Gnéasach:
- Reiligiún
- Aois
- Míchumas
- Cine
- Ball den Lucht Siúil

**(ii) Déan measúnú ar an ról atá ag Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais i réiteach gearán maidir le hidirdhealú sa láthair oibre.**

**Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais**

Féadfar gearáin maidir le hidirdhealú/sáruithe ar reachtaíocht chomhionannais a chur in iúl do Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais agus féadfaidh sé iniúchadh a dhéanamh orthu agus cinneadh a eisiúint. D'fhéadfadh go roghnódh Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais:

- An gearán a tharchur chuig **Idirghabhálaí Comhionannais**, a éascaíonn don dá pháirtí teacht ar chomhaontú comh-inghlactha.

NÓ

- An gearán a tharchur chuig **Oifigeach Comhionannais** lena bhreithniú agus chun cinneadh a dhéanamh. Cé go mbeidh cinneadh an Oifigigh Chomhionannais maidir leis an ngearán ina cheangal, féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais.

Tá oifig Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais éifeachtach mar go dtugann an tOifigeach Comhionannais agus an tIdirghabhálaí Comhionannais araon cabhair chun teacht ar réiteach maidir le gearáin faoi idirdhealú.
Féadfaidh Oifigigh Chomhionannais cúiteamh agus/nó gníomh sonrach a ordú.

Beidh cinntí ina cheangal agus infheidhmithe tríd an gCúirt Chuarda. Féadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais laistigh de 42 lá. I gcásanna a bhaineann le pá comhionann, d'fhéadfadh go n-ordódh Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais pá comhionann agus riaráistí maidir le tréimhse nach mó ná 3 bliana roimh an gcás a tharchur.

Beidh fáil ag gach uile dhuine ar sheirbhísí, a bheidh saor in aisce. Ní gá go ndéanfaí uirill fhoirmiúla ar son gearánaigh.

Leis na cinntí, cuirtear bonn láidir cásdlí ar fáil chun cabhrú deireadh a chur le hidirdhealú / cumhacht neamhdhleathach lena n-ordaítear gur chóir deireadh a chur le cleachtais a shuitear a bheith idirdhealaitheach.

Cuirtear na cinntí ar fáil don ghrúpa is leithne is féidir chun feasacht a chothú maidir le cad atá i gceist le hidirdhealú agus chun cabhrú cosc a chur ar idirdhealú amach anseo.
(Oifig Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais – Ráiteas Straitéise 2001-2003)

**Ceist 2**

**(A) Déan measúnú ar an 'saincheadú' mar chineál úinéireacht ghnó d'fhiontar nua**.

Cuireann saincheadú deis ar fáil do ghnó nuathionscanta macasamhlú a dhéanamh ar shamhail ghnó chruthaithe atá bunaithe go maith. Íocann an saincheadúnaí (an té a bhfuil an gnó á bhunú aige/aici) an saincheadúnóir (gnó atá ann cheana) as an gceart úsáid a bhaint as ainm trádála agus córas gnó an tsaincheadúnóra. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh an gnó nuathionscanta á bhfuil saincheadú ar intinn aige na nithe seo a leanas san áireamh:

- Taighde margaidh chun deiseanna saincheadúnaithe oiriúnacha a ainmniú
- Mar is amhlaidh i gcás gach gnó nuathionscanta, is inmholta plean gnó a ullmhú
- An comhaontú atá molta ag an saincheadúnóir a mheas – cad iad na téarmaí agus na coinníollacha, an mbeidh an comhaontú inmharthana ó thaobh airgeadais de

<u>Na buntáistí a bhaineann le saincheadú d'fhiontar nua</u>
- Ainm gnó aitheanta, bunaithe sa mhargadh cheana féin
- Riosca íseal – tá an tsamhail ghnó cruthaithe
- Costais níos ísle – margaíocht, oiliúint, forbairt táirge – baineann an saincheadúnaí buntáiste as barainneachtaí scála
- Tionscnamh níos tapúla – cuireann an saincheadúnóir tacaíocht ar fáil do ghnó tionscanta

Nóta: Glacfar leis na míbhuntáistí a bhaineann leis an saincheadú mar chineál úinéireachta i gcás fiontair nuathionscanta.

**(B)** ***"Ní hamháin go mbaineann gnó le rudaí a dhéanamh i gceart, baineann sé freisin leis na rudaí cearta a dhéanamh."***
**Déan cur síos ar na dualgais shóisialta atá ar ghnó dá pháirtithe leasmhara.**

Tá dualgas ar ghnólacht feidhmiú go heiticiúil, agus é ag idirghníomhú lena pháirtithe leasmhara agus leis an bpobal níos leithne araon. Ba chóir go ndéanfaí gach cleachtas gnó le scairshealbhóirí, fostaithe, custaiméirí, an rialtas, soláthróirí agus leis an bpobal i gcoitinne a threorú le prionsabail a bhaineann le hionracas, cothromas, trédhearcacht agus comhfhios comhshaoil.

<u>Dualgais Shóisialta do Scairshealbhóirí/Infheisteoirí</u>
- Gníomhú de réir an Mheabhráin Chomhlachais agus de réir na nAirteagal Comhlachais
- Toradh cóir a chur ar fáil ar infheistíocht na scairshealbhóirí
- Ró-íocaíochtaí leis an mbainistíocht shinsearach a sheachaint
- Léargas cothrom agus fíor a chur ar fáil maidir le feidhmiú airgeadais an ghnó, sraith cuntas cuí a choimeád

Dualgas Sóisialta i leith Custaiméirí

- Fógraíocht chóir agus ionraic
- Cloígh le rialacháin sláinte agus sábháilteachta – ní mór go mbeidh táirgí sábháilte. Ba chóir go nglaofaí aon táirge ar ais más rud é go mbeidh aon amhras ann maidir lena shábháilteacht.
- Ní mór go mbeidh earraí ar cháilíocht inmhargaidh, de réir a dtuairisce, oiriúnach don fheidhm etc.
- Seasamh le ceart an chustaiméara gearán a dhéanamh agus iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin mar sin

Dualgas Sóisialta i leith Fostaithe

- Cloígh leis an Dlí Fostaíochta, le Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta etc
- Pá cothrom a íoc leis na fostaithe go léir
- Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil
- Urraim agus meas a thabhairt d'fhostaithe
- Comhdheiseanna a chur ar fáil do na fostaithe go léir maidir le hardú céime, pá etc.

Dualgas Sóisialta i leith an Rialtais

- Cloígh leis an reachtaíocht ábhartha go léir – An tAcht um Chomhionannas, Dlí na gCuideachtaí etc.
- Na cánacha atá dlite a íoc – CBL, Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide
- Comhoibriú le hoifigí rialtais e.g. GCC

Dualgas Sóisialta i leith an Phobail i gCoitinne

- A bheith comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de – cleachtais ghnó nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol a chur i bhfeidhm
- Táirgí sábháilte a tháirgeadh
- Caitheamh go cothrom leis na fostaithe go léir – dúshaothrú nó idirdhealú a sheachaint

Dualgas Sóisialta i leith Soláthróirí

- Cloígh le nósanna imeachta tairisceana nuair is infheidhme – caitheamh go cothrom leis na soláthróirí go léir
- Suimeanna comhaontaithe a íoc laistigh den tréimhse a socraíodh

**(C) Déan plé ar conas a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann an córas cánach a úsáid chun timpeallacht dhearfach a chruthú don ghnó in Éirinn. Bain úsáid as samplaí chun do fhreagra a léiriú.**

Tá geilleagar na hÉireann ag cúlú faoi láthair. Bhí an-drochthionchar ag cliseadh na hearnála foirgníochta agus titim chóras baincéireachta na hÉireann ina dhiaidh sin ar gheilleagar na hÉireann sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Athruithe ar Gheilleagar na hÉireann le déanaí

- Dífhostaíocht ag ardú – léirítear le réamh-mheastacháin go mbeidh 10% den Fhórsa Saothair dífhostaithe faoi dheireadh 2009
- Cliseadh na hearnála foirgníochta
- Cliseadh an chórais bhaincéireachta – ráthaíocht ón rialtas, náisiúnú na mbanc etc
- Titim i rátáil chreidmheasa na hÉireann agus an ráta úis a ghearrtar ar iasachtaí níos airde dá bharr
- Airgeadas an rialtais ag dul in olcas – ní mór don rialtas laghdú de €2 billiún a dhéanamh ar chaiteachas in 2009
- Titim i gcaiteachas agus muinín an tomhaltóra – CBL, ÍMAT, Dleacht Stampa, cánacha Gnóthachan Caipitiúla

- Níl cáin á íoc ag 38% den lucht ioncaim agus íocann an 6.5% is airde den lucht ioncaim leath den cháin ioncaim iomlán
- Deacrachtaí ag custaiméirí pearsanta agus gnó araon teacht ar chreidmheas
- Níos mó allmhairí mar thoradh ar an difríochtaí sa CBL idir an RA, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann – Tá carranna a allmhairíodh ón RA á ndíol ag Cuideachta Mótair HB Dennis agus ag Sterling BMW in Éirinn anois
- Athlonnú Dell agus cuideachtaí ilnáisiúnta eile go geilleagair ísealchostais etc

Ní mór do Rialtas na hÉireann fás sa gheilleagar a spreagadh chun an titim atá ann faoi láthair a iompú sa treo eile.

<u>An córas cánach a úsáid chun timpeallacht dhearfach a chruthú don ghnó</u>

- **ÍMAT** – Ardófar an chumhacht chaithimh agus spreagfar an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí le laghdú ar rátaí ÍMAT
- **ÍMAT –** D'fhéadfadh go gcuirfeadh ardú ar rátaí ÍMAT deiseanna ar fáil chun rátaí/táillí uisce a laghdú agus chun maoiniú a dhéanamh ar thacaíochtaí gnó e.g. deontais nó laghdú ar ÁSPC (costas fostaíochta)
- **Cáin Chorparáide** – D'fhéadfadh go gcuirfí feabhas ar bhrabús cuideachta, agus ar an gcumas maoiniú a dhéanamh ar fhás an ghnó amach anseo le laghdú ar Cháin Chorparáide
- **Dleacht Stampa** – D'fhéadfadh go n-athspreagfaí éileamh san earnáil foirgníochta le hathruithe
- **Creidmheasanna Cánach –** D'fhéadfadh go spreagfaí an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí le hardú i gcreidmheasanna cánach
- **CBL/Dleachtanna Máil –** laghdú i CBL, laghdaítear costas na n-earraí agus seirbhísí, spreagtar éileamh, déantar geilleagar na hÉireann níos iomaíche
- **Scéimeanna Dreasachtaí Cánach** – bunú agus leathnú an ghnó a chur chun cinn

## Ceist 3

**(A) Déan measúnú ar na deiseanna agus ar na dúshláin atá ann do ghnó na hÉireann i Margadh an AE.**

Ritheadh an Ionstraim Eorpach Aonair in 1987 chun iomaíocht iomlán agus oscailte a chur ar fáil sa mhargadh saothair agus earraí araon san AE. Cuireann Margadh an AE deiseanna agus dúshláin araon ar fáil do ghnó na hÉireann

<u>Deiseanna do Ghnó na hÉireann i Margadh an AE</u>

- Rochtain shaor in aisce ar Mhargadh an AE d'onnmhairí – tá an margadh ar an tríú ceann is mó sa domhan.
- Saorghluaiseacht seirbhísí, saothair agus caipitil – bhain earnáil foirgníochta na hÉireann tairbhe mhór as oibrithe as an bPolainn agus as tíortha eile de chuid an AE a bheith ar fáil le linn thréimhse an bhorrtha. D'fhéadfadh gnó teacht ar na deiseanna infheistíochta / iasachta is fearr san AE chomh maith.
- Comhchuibhiú na rátaí Cánach – laghdaítear difríochtaí praghais agus iomaíochta.
- Costais iompair/dáileacháin níos ísle – saorghluaiseacht earraí/níos lú riaracháin.
- Féadfaidh gnólachtaí na hÉireann tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí rialtais i stáit an AE. Soláthar Poiblí.
- Cáilíonn Éire chun Cistí Struchtúrtha a fháil – infreastruchtúr níos fearr in Éirinn e.g. baineann gnó tairbhe as bóithre.

- Laghdaítear rioscaí gnó mar nach bhfuiltear ag brath chomh mór ar mhargadh na hÉireann (baile).
- Beidh barainneachtaí scála indéanta le cruthú mhargadh AE ollmhór. Ba chóir go gcuirfeadh sin le hiomaíochas gnó.
- Ba chóir go mbeadh saolré táirgí níos faide. Ba chóir go mbeadh costais Taighde agus Forbartha níos ísle.
- Clárú agus cosaint trádmharcanna, paitinní agus cóipchirt ar fud an AE.

Dúshláin do Ghnó na hÉireann i Margadh an AE

- Is geilleagar beag oileáin í Éire ar imeall na hEorpa.
- Níos mó iomaíochta ó thíortha eile de chuid an AE.
- Féadann cuideachtaí an AE tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí Éireannacha.
- Baineann costas ard saothair le hÉirinn – d'aistrigh roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta e.g. Dell táirgeacht go geilleagir lena mbaineann costas níos ísle e.g. an Pholainn.
- Ní mór do ghnó na hÉireann dlí an AE a chomhlíonadh.

**(B)** **(i) Mínigh an téarma 'Margaíocht Dhomhanda' agus ainmnigh dhá ghnó dhomhanda.**

Díolann gnólacht domhanda an táirge ceannann céanna ar fud an domhain. Baineann margaíocht dhomhanda úsáid as an meascán margaíochta céanna nó as meascán margaíochta oiriúnaithe (táirge, praghas, áit, cur chun cinn) ar fud na cruinne chun tógáil ar bhranda domhanda.

**Samplaí**: Coca Cola, Dell, Nike, Toyota, Microsoft, Intel, HP. Google, Nokia

**(ii) "Bíonn dúshláin bhreise mhargaíochta roimh ghnó atá páirteach i margaí domhanda."**
**Déan plé ar na dúshláin seo agus bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra.**

Mura bhfuil an áit chéanna á coinneáil ag cuideachta i gcoinne an lucht iomaíochta sna margaí go léir (ceannaire margaidh, costas íseal, etc.), ní fhéadfar pleananna margaíochta comhionanna a sheoladh ar fud na cruinne. Is gnách go gcuireann gnólacht an meascán margaíochta in oiriúint chun an teanga áitiúil, difríochtaí cultúrtha, geografacha nó eacnamaíocha a léiriú.

Gnéithe an Mheascáin Mhargaíochta Dhomhanda

Praghas Domhanda
- Léirítear an costas maireachtála faoi seach a bhaineann le maireachtáil i dtíortha difriúla/ungadh gréine sa Spáinn
- Aithníonn an costas a bhaineann le táirgeacht, dáileachán, margaíocht, iompar etc
- Áirítear taraifí/dleachtanna custaim
- Leibhéil na bpraghsanna áitiúla

Áit Dhomhanda
Tá bealaí dáileacháin riachtanach chun meascán margaíochta domhanda oiriúnaithe a chur i bhfeidhm. Áirítear ar na bealaí:

- Díol go díreach le custaiméirí
- Gníomhairí a úsáid – duine neamhspleách a fheidhmeoidh ar son an ghnólachta, a fhaigheann coimisiún ar dhíolacháin de ghnáth
- Comhghuaillíocht straitéiseach a bhunú le cuideachta ón gcoigríoch chun táirgí a dhéanamh agus/nó a chur ar an margadh. Comhoibrítear le chéile chun sochair na gcomhpháirtithe go léir

Cur Chun Cinn Domhanda
Ní mór go n-aithneofar difríochtaí sa reachtaíocht, sa teanga agus sa chultúr agus rogha a dhéanamh maidir le cur chun cinn – an t-idirlíon, aonach trádála etc. Ní mór foclaíocht sluán a sheiceáil, chun go seachnófar mearbhall agus míthuiscint.

**Sampla:**
Aistríonn sluán Pepsi "*Come alive with the Pepsi Generation*" *go "Tabharfaidh Pepsi do shinsir ar ais ón mbás*' sa tSínis.

Táirge Domhanda
An ghné den mheascán margaíochta a ndéanann cuideachtaí iarracht gan í a athrú. Tá sé d'aidhm ag an ngnólacht domhanda táirge neamhdhifreáilte a dhíol sna margaí go léir, pointe díolacháin uathúil agus branda domhanda a fhorbairt agus tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála.

- D'fhéadfadh nach mór an táirge a athrú chun riachtanais theicniúla/dlíthiúla a léiriú e.g. carr a thiomáintear ar chlé etc
- D'fhéadfadh nach mór an pacáistíocht a athrú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh áitiúil e.g. ábhair in-athchúrsáilte.

# ROINN 3

## Cuid 2

## Fiontraíocht

### Ceist 4

**(A) (i) Mínigh an téarma 'tarmligean'.**

Baineann tarmligean le húdarás a shannadh do dhuine eile, go ginearálta ó bhainisteoir go híochtaránach, chun tionscadal nó tasc oibre sonrach a dhéanamh. Éilítear le tarmligean rathúil go gcuirfidh an bainisteoir an méid seo a leanas in iúl go soiléir don íochtaránach:

- Sonraí lena n-áirítear spriocdháta an taisc/tionscadail atá sannta
- An oiread údaráis a tharmligtear, lena n-áirítear riachtanais maidir le tuairisciú don bhainisteoir

Ní mór don bhainisteoir a chinntiú chomh maith go mbeidh na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha ag an té dá sanntar an tasc/tionscadal, agus go gcuirfear na hacmhainní riachtanacha ar fáil chun an tasc/tionscadal a chur i gcrích.

Beidh an bhunfhreagracht maidir leis an tasc/tionscadal fós ar an mbainisteoir.

**(ii) Déan cur síos ar bhuntáistí an tarmligin do bhainisteoir.**

- Cuirtear tascanna nó tionscadail i gcrích ar shlí níos éifeachtúla, mar nach gá don bhainisteoir an obair go léir a dhéanamh.
- D'fhéadfadh go mbainfeadh caighdeán níos airde leis an tasc/tionscadal agus é curtha i gcrích mar gheall ar an leibhéal cuntasachta pearsanta a chuirtear ar fáil le tarmligean.
- Bíonn na fostaithe níos spreagtha mar gheall ar jabshaibhriú/meanma foirne níos fearr/obair níos fearr.
- Féadann bainisteoirí tosaíocht a thabhairt do thascanna a gcaithfear díriú orthu, ar an gcaoi sin, beidh níos mó ama acu chun na tascanna sin a chur i gcrích agus chun bainistiú a dhéanamh i.e. pleanáil etc.
- Bíonn níos mó solúbthachta ag an mbainisteoir le fórsa saothair níos oilte.
- Féadann cothromaíocht oibre is saoil an bhainisteora a fheabhsú – dáileachán oibre níos fearr.

**(B) Déan anailís ar na himpleachtaí do ghnólacht nuair a ghlacann bainisteoir cur chuige Theoiric X chuici/chuige féin sa bhainistíocht.**

**Creideann Bainisteoir Theoiric X:**

- go bhfuil oibrithe leisciúil agus nach dtaitníonn obair leo
- nach bhfuil oibrithe uaillmhianach, agus nach nglacfaidh siad freagracht orthu féin
- nach dtaitníonn athrú san áit oibre le hoibrithe agus go mbíonn drogall orthu glacadh le hathrú
- gur é an t-airgead a spreagann oibrithe – ní fhéadfar pá breise a chur ar fáil chun oibrithe a spreagadh san aeráid eacnamaíoch atá ann faoi láthair .

Glacann Bainisteoir Theoiric X cur chuige Uathlathach maidir le bainistiú – dlúthmhaoirseacht ar oibrithe, dreasachtaí a thairiscint nó smachtbhannaí a úsáid le comhoibriú agus comhréireacht a chinntiú ó thaobh na bhfostaithe de.

**D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas ar na Tréithe/Impleachtaí a bhaineann le Bainisteoir Theoiric X:**

- Coimeádann an bainisteoir smacht/ d'fhéadfadh go mheádh coinbhleacht idir an bhainistíocht agus na fostaithe.
- Níl mórán muiníne ann/ní dóigh go n-oibreoidh fostaithe as a dtionscnamh féin.
- Easpa comhairliúcháin agus cinntí á ndéanamh/táirgiúlacht níos ísle agus cáilíocht níos ísle
- Ní dhéantar mórán tarmligin/níos lú deiseanna maidir le harduithe céime d'fhostaithe.

**(C)** ***"Is minic a bhíonn ceangal dlí ar bhaill den phobal eolas pearsanta a thabhairt ar láimh do chomhlachtaí poiblí."***

**Forálacha an Achta um Chosaint Sonraí 1988**

Tugadh an tAcht um Chosaint Sonraí isteach chun cearta agus freagrachtaí a chur ar fáil maidir le sonraí ríomhairithe a stóráil:

**(i) Na Cearta a bhaineann le hÁbhair Sonraí**

- An Ceart Rochtana – tá an ceart ag duine cóip de na sonraí a choimeádtar go leictreonach a bhaineann leo a fháil, laistigh de 40 lá tar éis iarratas scríofa a dhéanamh
- An Ceart Ceartúcháin – tá an ceart ag duine ceartúchán a fháil maidir le hearráidí/eolas míchruinn.
- An Ceart ar Chúiteamh – tá duine i dteideal cúiteamh a fháil ar chaillteanas mar thoradh ar eolas míchruinn a choimeádtar. Tá ceart ag duine gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí chomh maith nuair atáthar den tuairim go bhfuil an t-acht á shárú ag rialaitheoir sonraí.
- An Ceart Sonraí a Bhaint Anuas – tá an ceart ag duine a ainm/hainm a bhaint de liostaí margaíochta díreacha.

**(ii) Oibleagáidí na Rialaitheoirí Sonraí**

- Na sonraí a choinneáil slán – ní mór na sonraí a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe.
- An t-eolas a thabhairt chun dáta – ba chóir go mbeadh na sonraí cruinn agus go ndéanfaí iad a thabhairt chun dáta ó am go chéile
- Na sonraí a úsáid chun na críche a bheartaítear – ba chóir an t-eolas a úsáid chun na críche dá bhforáiltear agus chuige sin amháin
- Eolas a fháil go cothrom agus go hoscailte.
- Clár a choimeád maidir leis na sonraí atá coimeádta.
- Cóip de na sonraí atá á gcoimeád go leictreonach a chur ar fáil laistigh de 40 lá tar éis iarratas scríofa a fháil ó dhuine

**Gnó i nGníomh / Bainistíocht**

## Ceist 5

**(A) (i) Mínigh an téarma 'comhghuaillíocht ghnó'.**

Is comhaontú idir dhá eagraíocht ghnó nó níos mó é comhghuaillíocht ghnó chun acmhainní agus/nó saineolas a chomhthiomsú chun oibriú le chéile le linn tréimhse ama sonraithe nó chun tionscadal sonraithe a thabhairt chun críche, agus a gcéannacht féin á coimeád ag na páirtithe go léir ag an am céanna.

Bainfidh na comhpháirtithe tairbhe as:

- scileanna comhlántacha/saineolas comhlántach
- líonraí gnó
- níos mó acmhainní etc.

Sampla: Is comhpháirtíocht radacach é Comhghuaillíocht Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath/Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath a chomhoibreoidh leis an earnáil oideachais, an Stát agus a ghníomhaireachtaí agus leis na gcomhphobail ghnó agus na comhphobail airgead fiontraíochta chun éiceachóras den scoth a fhorbairt do nuálaíocht lena stiúrfar forbairt fiontair agus cruthú poist inbhuanaithe ardluacha. (http://www.ucd.ie/news/2009/03FEB09/110309_innovation.html)

**(ii) Léirigh na buntáistí a bhaineann le comhghuaillíocht mar chaoi le gnó a leathnú.**

- Modh leathnaithe costéifeachtach – roinntear na hacmhainní agus na costais ghaolmhara idir na comhpháirtithe.
- Laghdaítear na rioscaí a bhaineann le leathnú ó thaobh gach comhpháirtí de, mar go ndéantar iad a roinnt
- Féadfar acmhainní/saineolas a 'earcú' trí chomhghuaillíocht – ní gá go gcuirfidh easpa acmhainní nó saineolais as don leathnú
- Cuirtear rochtain ar líonra agus ar mhargadh gnó leathnaithe etc. ar fáil.

**Samplaí:** Oneworld Airlines Alliance, Postbank

**(B) Déan measúnú ar Chaipiteal Fiachais agus ar Chaipiteal Cothromais mar fhoinsí airgeadais chun gnó a leathnú.**

**Caipiteal Cothromais = Gnáth-scairchaipiteal + Cúlchistí**

Le hinfheistíocht leordhóthanach ó na húinéirí, beidh sé níos éasca ag an gcuideachta airgead a fháil ar iasacht chun an leathnú a mhaoiniú.

**Caipiteal Fiachais = Scaireanna Tosaíochta + Fiachas Fadtéarmach**

Féadfar comparáid a dhéanamh idir Maoiniú Fiachais agus Maoiniú Cothromais mar seo a leanas:

| | **Caipiteal Cothromais** | **Caipiteal Fiachais** |
|---|---|---|
| **Rialú** | Féadfar rialú an ghnólachta a laghdú trí scaireanna a eisiúint. | Ní bheidh tionchar ar rialú an ghnólachta ag caipiteal fiachais a úsáidtear chun maoiniú a dhéanamh ar an ngnólacht. |
| **Aisíocaíochtaí Úis/Díbhinní** | Ní íoctar ús. – Níl dualgas ar bith ann maidir leis na gnáth-scairshealbhóirí. Má bhíonn díbhinní beag nó mura n-íoctar iad de ghnáth, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar aige sin ar an scairphraghas. | Ní mór aisíocaíochtaí Úis Sheasta a dhéanamh e.g. Bintiúr.<br>Díbhinní Seasta e.g. 8% Scaireanna Tosaíochta |
| **Riosca** | Íseal – tá an gnólacht ísealghiaráilte. Ní bhaineann aon fhiachas fadtéarmach nó aisíocaíochtaí úis leis an ngnólacht.<br>Ní sé chomh dóchúil go mbreithnítear an gnólacht ina fhéimheach, mar go bhfuil níos lú creidiúnaithe ann. | Ard – tá an gnólacht ardghiaráilte. Ní mór aisíocaíochtaí úis sheasta a dhéanamh ar chaipiteal fiachais gan aird ar bhrabúsacht.<br>Riosca féimheachta ardaithe – níos mó creidiúnaithe, agus d'fhéadfadh go dteastódh uathu an gnólacht a fhoirceannadh agus na sócmhainní a leachtú le fiacha a íoc. |
| **Comhthaobhacht** | Níl urrús ag teastáil | Tá urrús ag teastáil do Chaipiteal Fiachais. |
| **Impleachtaí Cánach** | Níl na díbhinní a íoctar le gnáth-scairshealbhóirí in-asbhainteach ó thaobh cánach. | Tá na haisíocaíochtaí úis in-asbhainteach ó thaobh cánach. |

I gcoitinne, bainfidh cuideachtaí úsáid as meascán de Chaipiteal Fiachais agus de Chaipiteal Cothromais chun a ngnólachtaí a mhaoiniú.  Tagraítear don chóimheas idir Chaipiteal Fiachais agus Caipiteal Cothromais mar ghiaráil (Íseal/Ard).

Baineann riosca íseal le caipiteal cothromais agus ní theastaíonn urrús.  Is dúshlán é an mhuinín a cailleadh sa stocmhargadh faoi láthair, áfach, maidir le caipiteal cothromais a fháil.

Baineann riosca ard le caipiteal fiachais – ní mór ús a íoc gan aird ar bhrabúsacht.  Baineann dúshláin leis an aeráid eacnamaíoch atá ann faoi láthair maidir le teacht ar chreidmheas agus le corrlaigh brabúis a choimeád.

**(i) Bain úsáid as na figiúirí thíos agus ríomh an cóimheas Fiachais/Cothromais ag SES Tta sna blianta 2006 agus 2007. (Taispeáin do chuid oibrithe.)**

| | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| Iasachtaí Fadtéarma | 300,000 | 364,000 |
| Gnáth-Scairchaipiteal | 450,000 | 450,000 |
| Tuillimh Choimeádta | 50,000 | 70,000 |

Cuireann an Cóimheas Fiachais/Cothromais struchtúr airgeadais/giaráil an ghnólachta in iúl. Ríomhtar an cóimheas fiachais airgeadais mar seo a leanas:

**Foirmle Caipiteal Fiachais: Caipiteal Cothromais**

| | 2006 | 2007 |
|---|---|---|
| **Cóimheas Fiachais/Cothromais** | 300,000: 500,000<br>0.6:1 | 364,000 :520,000<br>0.7:1 |

**(ii) Déan trácht ar an tábhacht a bhaineann leis an treocht atá sa chóimheas Fiachais/Cothromais in imeacht an dá bhliain do na scairshealbhóirí atá ann faoi láthair.**

Ba é 0.6:1 an cóimheas Fiachais Cothromais in 2006 agus d'ardaigh an Cóimheas Fiachais Cothromais do 2007 go 0.7:1. D'fhéadfadh go mbeadh na scairshealbhóirí atá ann faoi láthair imníoch maidir leis an treocht sin.

**Tábhacht na treochta do na scairshealbhóirí atá ann faoi láthair:**

- D'fhéadfadh go laghdófaí brabús le haisíocaíochtaí úis níos airde.
- Sa chás go dtitfidh na leibhéil bhrabúis, beidh drochthionchar aige sin ar na díbhinní a íocfar le gnáth-scairshealbhóirí
- D'fhéadfadh go ndíolfadh gnáth-scairshealbhóirí scaireanna mar thoradh ar laghdú i ndíbhinní – laghdófar margadhphraghas na scaireanna má bhíonn níos mó scaireanna ar an margadh
- I dtréimhse lena mbaineann brabúsacht ard, d'fhéadfadh go mbeadh toradh níos airde á fháil ag scairshealbhóirí mar gheall ar athrú mór ar an gcóimheas fiachais/cothromais, má bhíonn na táillí úis níos ísle ná an Toradh ar Infheistíocht

## Gnó i nGníomh / Bainistíocht

### Ceist 6

**(A) Léirigh conas mar atá na forbairtí seo a leanas i dTeicneolaíocht na Cumarsáide agus na Faisnéise (ICT) tar éis dul i gcion ar chúrsaí gnó.**

**(i) Idirmhalartú Leictreonach Sonraí (EDI)**

Is modh uathoibríoch é EDI chun idirbhearta idir soláthróirí agus custaiméirí a phróiseáil e.g. stoc a ordú, sonraisc a eisiúint, íocaíocht etc. Braitheann EDI ar rochtain a bheith ag an soláthróir agus ag an gcustaiméir ar bhogearra EDI comhoiriúnach.

An Tionchar a bhíonn ag EDI

- Modh níos tapúla chun idirbhearta a phróiseáil
- Modh éifeachtach ó thaobh costais de chun idirbhearta a phróiseáil – laghdaítear costais saothair, páipéarachas/caiteachas oifige, forchostais, an t-am a bhíonn ag teastáil
- D'fhéadfadh leibhéil stoic a laghdú mar go gcinntítear athordú stoic/comhlíonadh orduithe níos tapúla le próiseáil uathoibríoch – costais coimeádta stoic laghdaithe mar thoradh ar chóras rialaithe stoc níos éifeachtaí e.g. árachas, stóráil etc.
- Laghdaítear an baol go mbeidh earráidí daonna ann mar go mbeidh na hidirbhearta uathoibríoch
- Costais suiteála agus oiliúna a bhaineann le EDI a chur isteach

**(ii) An tIdirlíon agus an Gréasán Domhanda**

Is líonra ríomhairí domhanda é an tIdirlíon lena n-éascaítear tarchur sonraí agus cumarsáide idir úsáideoirí. Féadfaidh gach duine a bhaineann úsáid as ríomhaire atá líonraithe leis an Idirlíon (trí ISP) teacht ar fhaisnéis tríd an nGréasán Domhanda – agus úsáid a mbaint as seoladh láithreáin ghréasáin e.g. Féadfar teacht ar *The Irish Times* ag www.irishtimes.com nó trí inneall cuardaigh e.g. www.google.ie. Féadfaidh úsáideoirí cumarsáid a dhéanamh le chéile tríd an r-phost chomh maith. Is é an leathanbhanda an modh is tapúla ó thaobh rochtain idirlín de.

Tá úsáid phearsanta (shóisialta) agus úsáid ghnó araon ag baint leis an idirlíon.

Is modh cumarsáide coitianta é an láithreán Líonraithe Shóisialta Bebo, ar a bhféadfaidh úsáideoirí cláraithe grianghraif, ceol, blaganna etc. a roinnt.

Chuaigh an t-idirlíon i gcion go mór ar an mbealach a dtéimid i mbun gnó, agus éascaítear r-ghnó – B2B (gnó le gnó) agus B2C (gnó le tomhaltóir).

An Tionchar atá ag an Idirlíon agus ag an nGréasán Domhanda ar ghnó

- Éascaítear r-ghnó – B2B agus B2C araon
- Modh cumarsáide níos tapúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costais – féadfaidh tomhaltóirí cumarsáid dhíreach a dhéanamh le gnó agus vice versa
- D'fhéadfadh gur uirlis mhargaíochta éifeachtach é láithreán gréasáin – cuirtear rochtain ar mhargadh domhanda ar fáil leis an idirlíon
- Féadfaidh gnólacht taighde margaidh a dhéanamh trína láithreán gréasáin e.g. ar www.amazon.com déantar próifiliú ar ábhair spéise na n-úsáideoirí, agus cuirtear aon leabhair nua etc a mbeadh spéis acu iontu i gcuimhne d'úsáideoirí gach uair a logálann siad isteach ar láithreán gréasáin Amazon

- Bainistiú caidrimh chustaiméirí arna tacú trí sheirbhísí tacaíochta ar líne do chustaiméirí agus taighde margaidh ar líne
- Féadfaidh an gnólacht seirbhís tacaíochta ar líne a chur ar fáil do chustaiméirí e.g. Dell
- Cuirtear leis an scóip do choinníollacha oibre solúbtha e.g. teile-oibriú
- Laghdaítear forchostais/costais saothair agus teile-oibriú ar siúl ag fostaithe
- Cuirtear taifead scríofa den chumarsáid go léir ar fáil le r-phost
- Miondíoltóirí ag aistriú go hoibríochtaí ar líne e.g. Next
- Tá an baol ann go mbainfidh calaois chárta creidmheasa agus bradaíl láithreáin ghréasáin le hoibríochtaí gnó ar líne
- Costais suiteála agus oiliúna

**(iii) An Fhís-chomhdháil**

Cruinniú idir beirt nó níos mó daoine difriúla in dhá áit dhifriúla, éascaithe trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht fís-comhdhála (ní mór líne theileafóin, monatóir agus ceamara a bheith sa dá áit) Eagraíonn na rannpháirtithe na suíocháin sa seomra cruinnithe ionas go bhféadfaidh na rannpháirtithe go léir a bheidh ag an gcruinniú na rannpháirtithe eile a fheiceáil. Diailítear an glao comhdhála chuig áit chianda, cinntíonn cathaoirleach an chruinnithe go bhféadfar na rannpháirtithe go léir a fheiceáil agus a chloisteáil agus cuirtear tús leis an gcruinniú ansin.

<u>An Tionchar a bhaineann le Fís-Comhdháil</u>
- Féadfar cruinniú a chur ar siúl i bhfíor-am in dhá áit/pháirt dhifriúla den domhan
- Tapa, éasca glao comhdhála a shocrú
- Éifeachtach ó thaobh costais – ní gá taisteal, sábháiltear am agus costas araon leis sin
- Ní dhéantar dochar don chomhshaol – laghdaítear aermhílte
- Féadfar deiseanna a chur ar fáil do níos mó cruinnithe rialta – mar go íoslaghdaítear costas
- Costais suiteála agus oiliúna

**(B) Pléigh na buntáistí a bhaineann le Bainistíocht Láncháilíochta (TQM) do ghnó déantúsaíochta.**

Is próiseas é TQM lena ndéantar iarracht **cáilíocht** a chinntiú i ngach gné d'oibríochtaí gnóthais. Le TQM, déantar iarracht freastal ar na riachtanais atá ag custaiméirí an ghnóthais anois agus a bheidh acu amach anseo. Bíonn na fostaithe freagrach as a chinntiú go bhfreastalóidh na táirgí ar riachtanais na dtomhaltóirí. Tá dearbhú cáilíochta agus obair bhuíne lárnach i gcur chuige an TQM.

Is iad 3 bhunphrionsabal an TQM :
1) Fócas ar Chustaiméirí
2) Feabhas Leanúnach
3) Obair Bhuíne (Rannpháirtíocht na Cuideachta ina hIomláine).

<u>Na buntáistí a bhaineann le TQM maidir le gnó déantúsaíochta</u>
- Cáilíocht Níos Fearr: Ba chóir go mbeadh feabhas tagtha ar cháilíocht na dtáirgí a tháirgtear.
- Laghdú Costais: Beidh níos lú dramhaíola ann.
- Riachtanais na Reachtaíochta a chomhlíonadh: An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.
- Beidh oibrithe níos spreagtha: Mar go bhfeiceann siad go bhfuil an bhainistíocht tiomanta do cháilíocht.
- Sásamh a bhaint as jab: Mothaíonn oibrithe go bhfuil rud éigin bainte amach acu.
- Níos mó Díolachán: Beidh clú ar an ngnóthas as earraí ar ardchaighdeáin a chur ar fáil agus cuirfidh sin le díolacháin.

**(C) I Meán Fómhair 2008 d'ullmhaigh Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin an Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid seo a leanas.**

| Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin – Deireadh Fómhair go Nollaig 2008 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Deireadh Fómhair** | **Samhain** | **Nollaig** | **Iomlán** |
| | € | € | € | |
| **Fáltais** | | | | |
| Díolacháin ar Airgead Síos | 12,500 | 9,500 | 10,000 | 32,000 |
| Díolacháin ar Cairde | 2,000 | 1,500 | 3,500 | 7,000 |
| Fáltais Iomlána | **14,500** | **11,000** | **13,500** | **39,000** |
| | | | | |
| **Íocaíochta** | | | | |
| Ceannacháin ar Airgead Síos | 1,000 | 2,500 | 4,000 | 7,500 |
| Ceannacháin ar Cairde | 5,000 | 2,000 | 1,000 | 8,000 |
| Pánna | 6,000 | 6,000 | 7,500 | 19,500 |
| Trealamh | 12,000 | - | - | 12,000 |
| Íocaíochtaí Iomlána | **24,000** | **10,500** | **12,500** | **47,000** |
| Airgead Tirim Glan | (9,500) | 500 | 1,000 | (8,000) |
| Airgead Tirim Tosaigh | 3,000 | (6,500) | (6,000) | 3000 |
| Airgead Tirim Deiridh | (6,500) | (6,000) | (5,000) | (5,000) |

**(i) Mínigh an buntáiste a bhaineann Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin as Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú.**

- Tráth agus foinsí na n-insreafaí airgid a aithint
- Tráth agus foinsí na n-eis-sreafaí airgid a aithint
- Insreafaí/Eis-sreafaí Glana a Bhunú – féadfaidh an gnólacht pleanáil éifeachtach a dhéanamh ansin chun freastal ar ghanntanas airgid / nó, ina ionad sin, féadfar na roghanna atá acu a mheas maidir le barrachas mór airgid.
- Cuirtear tagarmharc ar fáil lena bhféadfar comparáid a dhéanamh leis an bhfeidhmíocht iarbhír, agus tacaítear le rialú airgeadais leis sin
- Fáil ar airgeadais ó institiúidí airgeadais

**(ii) Bunaithe ar an eolas a tugtar thuas, tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin an riocht ina bhfuil Sreabhadh Airgid an ghnólachta a fheabhsú.**

**A. Ceannach Trealaimh – Caiteachas Caipitil**

Tá sé beartaithe ag Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin trealamh a cheannach agus íocaíocht a dhéanamh air as an Sreabhadh Airgid i mí Dheireadh Fómhair 2008. Is earra é trealamh a bhaineann le caiteachas caipitil agus is dóigh go mbainfear úsáid as sa ghnó ar

feadh roinnt blianta. Ba chóir d'Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin machnamh a dhéanamh ar iasacht mheántéarma a fháil chun íoc as an trealamh – chabhródh sin go mór leis an riocht ina bhfuil an Sreabhadh Airgid, agus bheifí in ann teacht ar airgead tirim atá ag teastáil go géar.

**B. Teacht ar Chreidmheas/Rótharraingt Bainc**

Beidh ar Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin rótharraingt bainc a shocrú lena bhanc áitiúil. Má leantar ag trádáil mar a rinneadh i mí na Nollaig, agus mura mbeidh aon athrú ar fhorchostais nó mura mbeidh costais eile gan choinne ann, tógfaidh sé ar a laghad cúig mhí eile chun an t-easnamh réamhaisnéisithe de €5000 a ghlanadh.

**C. Rialú Creidmheasa**

Léirítear leis an bhfaisnéis a thugtar sa réamhaisnéis ar an Sreabhadh Airgid d'Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin:

- Go meastar go laghdófar na Díolacháin ar Airgead Síos, agus meastar go n-ardófar leibhéal na nDíolachán ar Cairde le linn thréimhse trí mhí an bhuiséid.
- Go n-ardófar Ceannacháin ar Airgead Síos, agus meastar go laghdófar Ceannacháin ar Cairde le linn na tréimhse trí mhí.

Tá brú á chur ag na réamhaisnéisí díolachán agus ceannachán araon ar an Sreabhadh Airgid agus ar an bhfáil ar airgead. Ní mór d'Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin athbhreithniú a dhéanamh ar a pholasaí creidmheasa – ceannacháin ar airgead síos a laghdú más féidir agus Díolacháin ar Airgead Síos a ardú.

**D. Rialú na bhForchostas**

D'ardaigh pá ó €6000 go €7500 (ardú de 25%) ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag, ach thit díolacháin sa tréimhse chéanna. Ní mór d'Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin athbhreithniú agus rialú a dhéanamh ar an méid airgid a chaitear ar phá.

## Gnó i nGníomh

**Ceist 7**

**(A) Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna i bpróiseas forbartha an raoin nua de Chultacha Spóirt Húdaí.**

**Giniúint Smaointe:** Ceaptar na smaointe tosaigh maidir le táirge nua. D'fhéadfadh gur tobsmaointeoireacht a bheadh i gceist leis sin.

**Scagadh ar Tháirge:** Promhtar na smaointe agus cuirtear na cinn neamhphraiticiúla agus do-oibrithe as an áireamh, agus tógtar an ceann is dóchúla chun tuilleadh scrúdaithe agus forbartha a dhéanamh air.

**Forbairt Coincheapa:** Baineann sin leis an gcoincheap a aistriú ina tháirge nó ina sheirbhís iarbhír a thaitneoidh le custaiméirí. Aithnítear pointe díolacháin uathúil (USP) a dhéanfaidh an táirge a idirdhealú ó tháirgí eile.

**Staidéar Féidearthachta:** Déantar sin chun a fháil amach an mbeidh an táirge inmharthana. Breathnaítear an bhféadfar é a tháirgeadh go teicniúil nó nach bhféadfar agus an mbeidh sé brabúsach nó nach mbeidh. Freagraítear ceisteanna mar seo a leanas sa staidéar féidearthachta:

- Cén t-éileamh a bhaineann leis?
- Cén costas a bhainfidh leis?
- An bhfuil sé ar acmhainn ag an ngnólacht?

**Forbairt Fréamhshamhla:** Is sampla nó samhail de tháirge atá i gceist leis sin. Táirgtear é chun a fháil amach an bhféadfar an táirge a dhéanamh agus cad iad na hábhair a bheidh ag teastáil chun é a dhéanamh. Féadfar é a úsáid chun tástáil a dhéanamh ar an táirge chun na feabhsuithe a bhféadfaí a dhéanamh a aimsiú. Féadfar samplaí den chulaith spóirt a tháirgeadh.

**Margaíocht Tástála:** Tástáiltear an táirge ar shampla tomhaltóirí sula dtéitear i mbun táirgeachta iomláin.

**Táirgeadh agus Seoladh:** Déantar an táirge a tháirgeadh agus cuirtear ar an margadh é. Roghnóidh an gnóthas straitéis mhargaíochta oiriúnach chun tabhairt ar thomhaltóirí an táirge a cheannach.

**(B) (i) Mínigh an téarma 'Deighilt an Mhargaidh' agus léirigh do fhreagra le tagairt do Olympian Tta.**

Baineann deighilt an mhargaidh leis an margadh a roinnt i **gcodanna so-aitheanta**, lena mbainfidh **tréithe coitianta**. Cuirtear ar chumas an ghnóthais a spriocmhargadh a aithint. D'fhéadfadh go ndéanfadh Olympian an margadh foriomlán do chultacha spóirt a dheighilt trí mhodhanna déimeagrafacha nó fiseolaíocha. Aithníodh **margadh na ndéagóirí** mar **spriocmhargadh** don Chulaith Spóirt Húdaí – féadfar an margadh sin a dheighilt a thuilleadh e.g. fir agus mná, daoine a bhíonn ag plé le spóirt agus daoine nach mbíonn, chun cabhrú le straitéis mhargaíochta éifeachtach a fhorbairt agus chun tacú léi.

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhainfeadh Olympian Tta as deighilt an mhargaidh.**

- Díreoidh an straitéis margaíochta ar na custaiméirí is dóchúla a cheannóidh an Chulaith Spóirt Húdaí
- Úsáid acmhainní atá éifeachtach ó thaobh costas – seachnaítear margaí nach mbeidh brabúsach
- D'fhéadfadh go dtabharfaí buntáiste iomaíochta d'Olympian Tta i margadh na gCultacha Spóirt Húdaí
- Beidh deis ag Olympian Tta caidreamh dílis a chothú lena gcustaiméirí agus iad óg – deis forbartha do tháirgí a bheidh ann amach anseo etc
- Le deighilt an mhargaidh cuirtear eolas ar fáil a chabhróidh le hOlympian cinneadh a dhéanamh ar an straitéis mhargaíochta is iomchuí chun margaíocht a dhéanamh ar chultacha spóirt e.g. Raidió, Teilifís, etc.

**(C) Déan cur síos ar na tosca ba chóir do Bhainisteoir Margaíochta Olympian Tta a chur san áireamh agus praghas díolacháin an raoin nua de Chultacha Spóirt Húdaí á shocrú.**

Áirítear ar na tosca ba chóir a chur san áireamh agus an praghas díolacháin á shocrú:

**Costais:** Ba chóir go gclúdódh an praghas costais an ghnóthais (táirgeadh, margaíocht, dáileachán etc) agus go mbeidh corrlach brabúis/Praghsáil an chostais plus san áireamh.

**Praghsanna na nIomaitheoirí:** Bíonn an iomaíocht an-dian i dtionscal na n-éadaí spóirt agus beidh tionchar aige sin ar an bpraghas a ghearrtar/Praghsáil de réir an ráta.

**Cineál Táirge:** Is dóigh go mbeidh an praghas ard mar gur cultacha spóirt brandáilte a bheidh á ndíol ag an ngnóthas/Praghsáil Dhaor.

**An Chéim i Saolré an Táirge:** Beidh praghas ard oiriúnach chun cabhrú costais a fháil ar ais mar go bhfuil na táirgí nua agus ag an gcéim thosaigh/Scimeáil Praghsanna.

**Tomhaltóirí:** Cinnfear le cineál na dtomhaltóirí an praghas is féidir a bhaint amach. Aithníodh margadh na ndéagóirí mar an spriocmhargadh.

**CRÍOCH**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d’iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d’iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

## *Tábla A*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás an ábhair a leanas:

- **Gnó – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal**

**Iomlán: 400 Gnáthráta: 10%**

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun. Os coinn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |